Scéalta Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal éagsúla. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. leabhair chomhbhróin _____
2. craoltóir aitheanta _____
3. Méara na Cathrach _____
4. ionad eachtraíochta _____
5. geallta _____
6. ionad glaonna _____
7. an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte _____
8. corrmhíolta _____
9. míchumas _____
10. leanbh nuabheirthe _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

2. Léigh d'achoimre amach don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair an cheist seo:

Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

77
800
16

Ceist 4 Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna spásanna thíos.

Osclaíodh leabhair chomhbhróin ar (maidin) _____ i Luimneach don chraoltóir aitheanta Terry Wogan, a bhásaigh inné. Seacht mbliana déag le cois na trí scor a bhí sé. I 1938 i Luimneach a rugadh Terry Wogan. Bronnadh saoirse na cathrach air in 2007. I measc na (daoine) _____ a shínigh na leabhair inniu bhí Méara na Cathrach agus comhairleoirí eile.

Fógraíodh poist i gCorcaigh, i gContae Lú agus ar fud (an tír) _____ inniu. Tá an t-ionad eachtraíochta *We Are Vertigo* le hionad nua a oscailt i nDún Dealgan an bhliain seo chugainn. Cruthófar suas le céad fiche post páirtaimseartha agus lánaimseartha. Tá céad tríocha post nua geallta ag *Abtran* i gCorcaigh le seirbhís a chur ar fáil do (custaiméirí) _____ an chomhlachta *Sky*. Sin céad tríocha post sa mbreis ar an ocht gcéad duine atá fostaithe ag *Sky* ina ionad glaonna i mBaile Átha Cliath.

Agus tá sé (fógair) _____ ag an siopa *Centra* go bhfuil an comhlacht le sé shiopa dhéag nua a oscailt i mbliana agus go gcruthófar 480 post nua dá bharr.

Tá sé fógartha ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur éigeandáil (domhanda) _____ atá anois sa víreas *Zica*, atá á scaipeadh ag (corrmhíolta) _____. Meastar gurb é an víreas is cúis le míchumas a bheith ar na mílte leanbh nuabheirthe sa mBrasaíl. Tá súil anois, ó tharla an fógra déanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, go gcuideoidh sé sin gníomh idirnáisiúnta a chur sa siúl.

Ceist 5 Féach ar na samplaí seo den bhriathar saor a bhí le cloisteáil sa mhír.

- osclaíodh
- rugadh
- bronnadh
- fógraíodh
- cruthófar
- meastar

1. Cén aimsir lena mbaineann siad?
2. Cum ceisteanna leis na briathra céanna chun cur ar an duine in aice leat. Bí in ann na freagraí gonta a rá, mar beidh ort féin ceisteanna do pháirtnéara a fhreagairt. Mar shampla:

   Ar osclaíodh an siopa nua leabhar i lár an bhaile go fóill?
   Osclaíodh. nó ***Níor osclaíodh.***

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Terry Wogan?
2. An bhfuil aon chur amach agat ar an ionad eachtraíochta *We Are Vertigo*, nó aon cheann eile cosúil leis?
3. An gceapann tú go bhféadfadh an víreas *Zica* teacht go hÉirinn? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. leabhair chomhbhróin	*books of condolence*
2. craoltóir aitheanta	*recognised broadcaster*
3. Méara na Cathrach	*The City Mayor*
4. ionad eachtraíochta	*adventure centre*
5. geallta	*promised*
6. ionad glaonna	*call centre*
7. an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte	*the World Health Organisation*
8. corrmhíolta	*mosquitoes*
9. míchumas	*disability*
10. leanbh nuabheirthe	*newborn child*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Osclaíodh leabhair chomhbhróin ar **maidin** i Luimneach don chraoltóir aitheanta Terry Wogan, a bhásaigh inné. Seacht mbliana déag le cois na trí scor a bhí sé. I 1938 i Luimneach a rugadh Terry Wogan. Bronnadh saoirse na cathrach air in 2007. I measc na **ndaoine** a shínigh na leabhair inniu bhí Méara na Cathrach agus comhairleoirí eile.

Fógraíodh poist i gCorcaigh, i gContae Lú agus ar fud **na tíre** inniu. Tá an t-ionad eachtraíochta *We Are Vertigo* le hionad nua a oscailt i nDún Dealgan an bhliain seo chugainn. Cruthófar suas le céad fiche post páirtaimseartha agus lánaimseartha. Tá céad tríocha post nua geallta ag *Abtran* i gCorcaigh le seirbhís a chur ar fáil do **chustaiméirí** an chomhlachta *Sky*. Sin céad tríocha post sa mbreis ar an ocht gcéad duine atá fostaithe ag *Sky* ina ionad glaonna i mBaile Átha Cliath.

Agus tá sé **fógartha** ag an siopa *Centra* go bhfuil an comhlacht le sé shiopa dhéag nua a oscailt i mbliana agus go gcruthófar 480 post nua dá bharr.

Tá sé fógartha ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur éigeandáil **dhomhanda** atá anois sa víreas *Zica*, atá á scaipeadh ag **corrmhíolta**. Meastar gurb é an víreas is cúis le míchumas a bheith ar na mílte leanbh nuabheirthe sa mBrasaíl. Tá súil anois, ó tharla an fógra déanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, go gcuideoidh sé sin gníomh idirnáisiúnta a chur sa siúl.

Ceist 5
osclaíodh – Ar osclaíodh...? Osclaíodh./Níor osclaíodh. (an aimsir chaite)
rugadh – Ar rugadh...? Rugadh./Níor rugadh. (an aimsir chaite)
bronnadh – Ar bronnadh...? Bronnadh./Níor bronnadh. (an aimsir chaite)
fógraíodh – Ar fógraíodh...? Fógraíodh./Níor fógraíodh. (an aimsir chaite)
cruthófar – An gcruthófar...? Cruthófar./Ní chruthófar. (an aimsir fháistineach)
meastar – An meastar...? Meastar./Ní mheastar. (an aimsir láithreach)

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1
Osclaíodh leabhair chomhbhróin ar maidin i Luimneach don chraoltóir aitheanta Terry Wogan, a bhásaigh inné. Seacht mbliana déag le cois na trí scor a bhí sé. I 1938 i Luimneach a rugadh Terry Wogan. Bronnadh saoirse na cathrach air in 2007. I measc na ndaoine a shínigh na leabhair inniu bhí Méara na Cathrach agus comhairleoirí eile.

Scéal 2
Fógraíodh postannaí[1] i gCorcaigh, i gContae Lú agus ar fud na tíre inniu. Tá an t-ionad eachtraíochta *We Are Vertigo* le hionad nua a oscailt i nDún Dealgan an bhliain seo chugainn. Cruthófar suas le céad fiche post páirtaimseartha agus lánaimseartha. Tá céad tríocha post nua geallta ag *Abtran* i gCorcaigh le seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí an chomhlachta *Sky*. Sin céad tríocha post sa mbreis[2] ar an ocht gcéad duine atá fostaithe ag *Sky* ina ionad glaonna i mBaile Átha Cliath.

Agus tá sé fógartha ag an siopa *Centra* go bhfuil an comhlacht le sé shiopa dhéag nua a oscailt i mbliana agus go gcruthófar ceithre chéad ochtó post nua dá bharr.

Scéal 3
Tá sé fógartha ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur éigeandáil dhomhanda atá anois sa víreas *Zica*, atá á scaipeadh ag corrmhíolta. Meastar gurb é an víreas is cúis le míchumas a bheith ar na mílte leanbh nuabheirthe sa mBrasaíl. Tá súil anois, ó tharla an fógra déanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, go gcuideoidh sé sin gníomh idirnáisiúnta a chur sa siúl.

[1] *poist* an leagan caighdeánach
[2] Córas Chonnacht